Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2017**
**(OR. en)**

**5321/17**

**MAMA 12**
**CFSP/PESC 23**
**RELEX 74**
**LIBYE 3**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Feabhra 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5319/17 MAMA 11 CFSP/PESC 22 RELEX 73 LIBYE 2 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Libia<br>- Conclúidí ón gComhairle (6 Feabhra 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Libia, a ghlac an Chomhairle ag an 3516ú cruinniú a bhí aici ar an 6 Feabhra 2017.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN LIBIA

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 6 Feabhra 2017**

1. Tá sé níos tábhachtaí anois ná mar a bhí riamh an Libia a chur ar a boinn, agus déanfaidh an tAontas a mhíle dícheall cuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach. Tá an tAontas meáite i gcónaí ar shocrú cuimsitheach polaitiúil a fháil faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Pholaitiúil maidir leis an Libia (CPL), agus ar thacaíocht a thabhairt do Chomhairle na hUachtaránachta (CU) agus don Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta (RCN), faoi cheannas an Phríomh-Aire Fayez Sarraj, agus le tacaíocht ó na Náisiúin Aontaithe. Is díol sásaimh dó na hiarrachtaí atá déanta acu chun rialachas aontaithe, rathúnas agus slándáil a chur ar bun an athuair sa Libia. Ag meabhrú Rún 2259 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, aithníonn an tAontas CU agus RCN mar na húdaráis rialtais dhlisteanacha amháin atá ann faoin CPL lena dtacaímid go hiomlán mar an creat faoina bhfuil réitigh nithiúla ar na saincheisteanna reatha sa Libia. Molann an tAontas na hiarrachtaí atá ar bun faoi láthair chun an bhearna idir difríochtaí polaitiúla a líonadh agus lena chinntiú go mbeidh institiúidí na Libia níos ionadaíche, agus níos éifeachtúla ná mar a bhí agus go bhféadfaidh siad nithe a bhaint amach ar bhealach níos fearr. Leagann an tAontas béim ar an úinéireacht atá ag an Libia ar an bpróiseas polaitiúil agus ar a thábhachtaí agus atá sé go mbeadh an próiseas sin cuimsitheach, is é sin, go háirithe, go mbeadh gníomhaithe polaitiúla agus áitiúla, mná agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach ann i gcónaí. Is iad ceannairí na Libia atá freagrach as leas agus as slándáil a saoránach féin. Iarrtar ar ghníomhaithe uile na Libia gníomhaíochtaí a sheachaint lena mbainfí an bonn den aistriú polaitiúil agus ní mór dóibh dul i mbun fíor-idirphlé. Bainfidh an tAontas úsáid as a ionstraimí tacaíochta agus tá sé réidh lena bhearta sriantacha a leasú de réir mar is gá chun tacú leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil sa Libia.

2. Leagann an tAontas béim ar an ngá atá ann gach fórsa armtha a aontú faoi rialú na n-údarás dlisteanach sibhialtach mar a leagtar amach sa Chomhaontú Polaitiúil maidir leis an Libia agus cobhsaíocht a áirithiú agus aontacht agus iomláine chríochach na tíre a chaomhnú. Ní fhéadfar réiteach míleata a fháil ar an gcoinbhleacht, agus i ndáil leis sin, leagann an tAontas béim ar an ngá atá ann Rún 2278 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Aontas gur cruthaíodh Garda na hUachtaránachta agus gur imscaradh a chéad aonaid le déanaí mar chéim mhór le go gcosnófar na hinstitiúidí a cruthaíodh leis an gComhaontú Polaitiúil maidir leis an Libia, agus misin taidhleoireachta i dTripilí. Tá sé réidh le féachaint an bhféadfaí tacaíocht a thabhairt do Gharda na hUachtaránachta.

3. Athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht iomlán do Mhisean Tacaíochta na Náisiún Aontaithe sa Libia (UNSMIL) agus d'Ionadaí Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, Martin Kobler. Is díol sásaimh dó rannpháirtíocht chomharsana na Libia agus eagraíochtaí réigiúnacha, amhail an tAontas Afracach agus Léig na Stát Arabach, mar a léiríodh go dearfa i gcruinnithe i gCaireo agus in Brazzaville le déanaí, chun gabháil le próiseas polaitiúil na Libia, agus leis an bpróiseas sin a éascú, i gcomhréir leis an gComhaontú Polaitiúil maidir leis an Libia. Déanfaidh an tAontas, mar chomharsa de chuid na Libia, iarracht i gcomhar le hiarrachtaí na n-eagraíochtaí réigiúnacha sin le tacú le hidirghabháil na Náisiún Aontaithe. Tá comharsana uile na Libia freagrach as ról cuiditheach a bheith acu i ndáil leis an ngéarchéim sa Libia a réiteach. Méadóidh an tAontas ar an idirphlé leo, lena n-áirítear faoina dtionscnaimh maidir leis an méid sin. Is díol sásaimh don Aontas an ionadaíocht mhéadaithe idirnáisiúnta i dTripilí ó tharla gur osclaíodh arís roinnt ambasáidí ann le déanaí.

4. Molann an tAontas an misneach agus an díograis a léirigh an Libia sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus tugann sé ómós d'íobairt na ndaoine a cailleadh sa troid in aghaidh grúpaí sceimhlitheoireachta. Tá sé fós buartha faoin mbagairt a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht don Libia agus do thíortha comharsanachta. Iarrann sé ar na Libiaigh ar fad aontú i gcoinne na sceimhlitheoireachta, cuireann sé i bhfios an tábhacht a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht a chosc agus athdhearbhaíonn sé go dtacaíonn sé leis na húdaráis dhlisteanacha ina dtroid i gcoinne radacú, antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireachta. Tá an tAontas meáite ar chabhrú le cobhsaíocht agus le hathshlánú na limistéar is mó atá buailte ar fud na Libia.

5. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach an dul chun cinn a rinneadh ag cruinnithe idirphlé eacnamaíoch le déanaí leis an Libia. Iarrann sé ar na rannpháirtithe go léir, go háirithe an Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta agus an Banc Ceannais, a gcomhaontú go gcoinneofaí an geilleagar dlisteanach ag feidhmiú a chur chun feidhme go hiomlán, a áirithiú go mbeidh na cistí is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí an rialtais, an buiséad a thabhairt faoi smacht agus deireadh a chur leis an ngéarchéim leachtachta. Iarrann sé go ndéanfaí bearta práinneacha chun athchóiriú a dhéanamh ar an ngeilleagar, caiteachas poiblí diomailteach a laghdú agus feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí bunúsacha chun freastal ar na riachtanais is práinní atá ag muintir na Libia. Leis an méadú ar tháirgeadh ola, rud a bhfáiltítear roimhe, ba cheart go mbeadh ar chumas rialtas na Libia níos mó earraí agus seirbhísí poiblí a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear slándáil, oideachas agus cúnamh daonnúil. Iarrann an tAontas Eorpach ar mhuintir uile na Libia an bonneagar ola a chaomhnú, agus meabhraíonn sé na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ina leagtar amach go gcaithfidh onnmhairí ola na Libia fanacht faoi rialú eisiach an Rialtais Comhaontaithe Náisiúnta agus na Cuideachta Náisiúnta Ola agus cáintear onnmhairí neamhdhleathacha ola.

6. Is ábhar imní don Aontas Eorpach í an staid dhaonnúil sa Libia, áit a bhfuil thart ar 1.3 milliún duine a bhfuil gá acu le cúnamh éigeandála. Iarrann sé go dtabharfaí rochtain d'oibrithe daonnúla ar na daoine atá i ngátar agus go ndéanfaí an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a urramú. Is gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le hurramú iomlán chearta an duine agus an ceartas, an chuntasacht agus an phróis chuí a neartú.

7. Cáineann an tAontas Eorpach na sáruithe ar chearta an duine agus an mhí-úsáid i gcoinne imirceach agus áitíonn sé ar údaráis na Libia a seacht ndícheall a dhéanamh chun feabhas a chur ar chosaint agus ar chur chun cinn chearta an duine, go háirithe in ionaid choinneála imirceach, agus go mór mór i gcás daoine atá i staid leochaileach. Iarrann sé ar na páirtithe uile rochtain shlán agus gan bhac a áirithiú ar na hionaid sin d'oibrithe cabhrach. D'fhonn feabhas a chur ar chosaint na n-imirceach, cabhrú le feabhas a chur ar na dálaí in ionaid choinneála, saoráidí glactha leordhóthanacha a áirithiú, roghanna a aimsiú seachas coinneáil agus cur leis an bhfilleadh deonach cuidithe ón Libia; úsáidfidh an tAontas, i measc nithe eile, an Ciste Iontaobhais Éigeandála don Afraic agus cuirfidh sé dlús leis an gcomhar leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus le UNHCR. Beidh sé ag obair le bardais na Libia chun slite beatha malartacha a chur chun cinn agus chun tacú le teacht aniar na bpobal áitiúil a bhfuil imircigh, dídeanaithe agus daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu á n-óstáil acu.

8. I gcomhréir leis an dearbhú ó chruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais an 3-4 Feabhra i Málta agus an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún an 25 Eanáir, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a riachtanaí atá sé srian a chur leis an sreabhadh neamhrialta imirce ar bhealach na Meánmhara Láir agus modh oibre na smuigléirí agus na ngáinneálaithe ar dhaoine a chloí. Tá an tAontas tiomanta oibriú le húdaráis na Libia i gcónaí chun cabhrú leo tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála agus chun a struchtúir slándála agus cosanta a fhorbairt. Ag aithint dó gur gá go mbeadh úinéireacht ag an Libia ar an bpróiseas, chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar an sreabhadh neamhrialta imirce agus chun beatha daoine a shábháil, leanfaidh an tAontas dá chuid gníomhaíochtaí trí ghníomhaíochtaí comhlántacha comhordaithe éagsúla a dhéanamh i gcomhthéacs Líonra Seahorse na Meánmhara, na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus CBSC, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

I gcomhréir le dearbhú Mhálta, beidh sé ina ábhar tosaíochta níos mó ag an Aontas Eorpach oiliúint, trealamh agus tacaíocht eile a chur ar fáil, agus tús áite á thabhairt do Gharda Cósta agus Chabhlach na Libia agus do ghníomhaireachtaí dlisteanacha ábhartha eile na tíre.

Leanfaidh oibríocht EUNAVFOR MED SOPHIA de bheith ag díriú ar mhodh oibre na líonraí smuigleála agus gáinneála daoine a chloí. Ina theannta sin, leanfaidh oibríocht EUNAVFOR MED SOPHIA de bheith ag cur a chúraim tacaíochta chun feidhme d'fhonn oiliúint a chur ar Gharda Cósta agus Chabhlach na Libia agus d'fhonn cabhrú le trádbhac arm na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, leanfaidh EUBAM de bheith i dteagmháil le húdaráis na Libia agus de bheith ag cabhrú leo mar ullmhúchán do mhisean sibhialtach amach anseo, b'fhéidir, ach na dálaí a bheith oiriúnach ó thaobh póilíní, smacht reachta agus bainistiú teorann. Meabhraíonn an tAontas freisin go bhfuil sé tiomanta cabhrú chun an brú ar theorainneacha talún na Libia a laghdú i ndlúthchomhar le húdaráis na Libia agus leis na tíortha comharsanachta.

9. Tá pacáiste comhair ar fiú EUR 120 milliún é á chur chun feidhme ag an Aontas Eorpach, agus é dírithe ar an tsochaí shibhialta, an rialachas, sláinte, an óige agus ar an oideachas, an imirce, an tslándáil agus an idirghabháil. Leanfaidh an tAontas de chúnamh gearrthéarmach a sholáthar trí ionstraimí éagsúla cistithe, lena n-áirítear trí thacú le bardais agus trí sheirbhísí bunriachtanacha a sholáthar do shaoránaigh na Libia atá i ngátar. Chomh maith leis sin, chuir an tAontas lena chabhair dhaonnúil, arbh fhiú EUR 10.8 milliún í in 2016. Is den ríthábhacht é go gcuirfí feabhas ar an tslándáil ar an láthair agus go mbeadh cobhsaíocht pholaitiúil ann chun cúnamh ón Aontas a chur ar fáil go héifeachtach i ngach cuid den Libia, lena n-áirítear sa cheantar iargúlta ó dheas. Tá an tAontas réidh le cur lena thiomantas chun an chobhsaíocht agus an rathúnas a chur chun cinn sa Libia.